Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Samhain 2024
(OR. en)

16021/24

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0300(NLE)**

FISC 235
ECOFIN 1366

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 21 Samhain 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 542 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE<br>lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2009/1008/AE<br>lena n-údaraítear do Phoblacht na Laitvia síneadh a chur le cur<br>i bhfeidhm birt de mhaolú ar Airteagal 193 de Threoir 2006/112/CE<br>maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 542 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 542 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 21.11.2024
COM(2024) 542 final

2024/0300 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2009/1008/AE lena n-údaraítear do Phoblacht na Laitvia síneadh a chur le cur i bhfeidhm birt de mhaolú ar Airteagal 193 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

De bhun Airteagal 395(1) de Threoir 2006/112/CE an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha ('an Treoir maidir le CBL'[1]), féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún, údarú a thabhairt d'aon Bhallstát bearta speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar fhorálacha na Treorach sin, chun an nós imeachta um bailiú CBL a shimpliú nó chun cineálacha áirithe imghabhála nó seachanta cánach a chosc.

Le litir a seoladh an 29 Aibreán 2024 agus a cláraíodh leis an gCoimisiún an 2 Bealtaine 2024, d'iarr Poblacht na Laitvia (dá ngairtear 'an Laitvia' anseo feasta) an t-údarú leanúint de bheart a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 193 de Threoir CBL, lena gcinntear an duine inchánach maidir le CBL. Leis an litir chéanna, sheol an Laitvia tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm an bhirt sin.

Le litir a seoladh an 4 Iúil 2024, d'iarr an Coimisiún faisnéis bhreise, ar thug an Laitvia freagra uirthi i litir a cláraíodh leis an gCoimisiún an 12 Lúnasa 2024.

I gcomhréir le hAirteagal 395(2) de Threoir CBL, maidir leis an iarraidh a rinne an Laitvia chuir an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas le litreacha dar dáta an 3 Meán Fómhair 2024 agus chuir sé an Iodáil an eolas an 4 Meán Fómhair 2024. Le litir dar dáta an 5 Meán Fómhair 2024, chuir an Coimisiún in iúl don Laitvia go raibh an fhaisnéis riachtanach ar fad aige chun breithniú a dhéanamh ar an iarraidh.

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Mar riail ghinearálta, sonraítear in Airteagal 193 de Threoir CBL go mbíonn an duine inchánach a sholáthraíonn earraí nó seirbhísí faoi dhliteanas CBL a íoc de ghnáth.

De bhun Airteagal 395 de Threoir CBL, féadfaidh na Ballstáit bearta a chur i bhfeidhm lena maolaítear ar fhorálacha Threoir CBL d'fhonn an nós imeachta chun CBL a bhailiú a shimpliú nó chun cineálacha áirithe imghabhála agus seachanta cánach a chosc má rinne an Chomhairle iad a údarú.

An 29 Aibreán 2024, d'iarr an Laitvia leanúint den sásra aistrithe táillí a chur i bhfeidhm maidir le hidirbhearta adhmaid a fhágann gur faoi dhliteanas an duine a soláthraítear na hearraí nó na seirbhísí sin dó atá sé CBL a íoc.

Deonaíodh an beart maolaithe don Laitvia ar dtús le Cinneadh 2006/42/CE ón gComhairle[2] go dtí an 31 Nollaig 2009 agus le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2009/1008/AE ón gComhairle[3] go dtí an 31 Nollaig 2012. Cuireadh síneadh leis an údarú an maolú a chur i bhfeidhm ina dhiaidh sin le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/55/AE ón gComhairle[4] go dtí an 31 Nollaig 2015, le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2396 ón gComhairle[5] go dtí an 31 Nollaig

[1] IO L 347, 11.12.2006, lch. 1.
[2] IO L 25, 28.1.2006, lch. 31.
[3] IO L 347, 24.12.2009, lch. 30.
[4] IO L 22, 25.1.2013, lch. 16.
[5] IO L 332, 18.12.2015, lch. 142.

2018, le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2006 ón gComhairle[6] go dtí an 31 Nollaig 2021, agus le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/81 ón gComhairle[7] go dtí an 31 Nollaig 2024.

De réir na Laitvia, tá an margadh adhmaid ar cheann de na hearnálacha is tábhachtaí don gheilleagar aici agus is furasta a dhéanfadh an chalaois CBL dochar dó, toisc gur líon mór oibreoirí áitiúla agus soláthróirí aonair atá ann den chuid is mó agus toisc go bhfuil sé an-deacair gluaiseachtaí ábhar agus na n-idirbheart gaolmhar a rianú. D’fhéadfadh sé go mbeadh gnólachtaí atá gníomhach san earnáil díolmhaithe ó oibleagáidí taifeadta a chomhlíonadh agus mar thoradh air sin, d’fhéadfadh sé nach ndéanfaí idirbhearta adhmaid a dhearbhú. Dá bhrí sin, tá riosca mór ann go bhféadfadh roinnt oibreoirí íocaíocht CBL a sheachaint. Cruthaíodh calaois CBL mar gheall ar chineál an mhargaidh agus ar chineál na ngnólachtaí lena mbaineann, agus bhí deacrachtaí ag údaráis chánach na Laitvia í a rialú. Chun dul i ngleic leis an mí-úsáid sin, thug siad an sásra aistrithe táillí isteach maidir le hidirbhearta adhmaid, ar léir go bhfuil sé an-éifeachtach agus gur tháinig laghdú mór ar chalaois CBL san earnáil sin dá bharr.

Thairis sin, níl tionchar diúltach ag an mbeart speisialta sin ar mhéid iomlán ioncaim ó CBL arna mbailiú ag an gcéim dheiridh tomhaltais agus, dá bhrí sin, ní dhéanann sé difear d’acmhainní dílse CBL an Aontais ar bhealach diúltach, dar leis an Laitvia.

Deonaítear maoluithe go ginearálta ar feadh tréimhse theoranta chun measúnú a éascú i dtaobh an beart speisialta a bheith iomchuí agus éifeachtach nó gan a bheith agus chun am a thabhairt do na Ballstáit gnáthbhearta eile a thabhairt isteach ar an leibhéal náisiúnta chun faireachán a dhéanamh ar ghluaiseacht na n-ábhar, ar íocaíocht CBL, agus ar chomhlíontacht na ndaoine inchánach, ar bearta iad lenar cheart dul i ngleic leis an bhfadhb shonrach go dtí go rachaidh an beart maolaithe in éag, agus ar an gcaoi sin dhéanfaí síneadh an mhaolaithe iomarcach. Ní dheonaítear maolú lena gceadaítear úsáid a bhaint as an sásra aistrithe táillí ach amháin ar bhonn eisceachtúil le haghaidh réimsí calaoiseacha sonracha agus is é an rogha dheireanach é.

D’iarr an Laitvia go gcuirfí síneadh leis an mbeart go dtí an 31 Nollaig 2027. Tá an Laitvia tiomanta do bhearta éagsúla a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic le calaois CBL san earnáil. Tá sé beartaithe ceanglas a thabhairt isteach úsáid a bhaint as modhanna íocaíochta neamhairgid, mar aon le huirlis rianaithe shonrach a chuideoidh le hidirbhearta agus próisis táirgthe a rialú ar bhealach níos éifeachtúla, ar deireadh, faoi 2026 tá sé beartaithe ag na húdaráis náisiúnta ceanglas ríomhshonrasctha a thabhairt isteach maidir le hidirbhearta gnólacht le gnólacht le haghaidh cuideachtaí atá cláraithe sa Laitvia. Agus an staid dhlíthiúil agus fhíorasach gan athrú á cur san áireamh, tá sé beartaithe mar sin síneadh a chur leis an mbeart maolaithe, rud a chuirfidh ar a cumas don Laitvia leanúint den bheart maolaithe sin a chur i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2026. Go dtí go rachaidh an maolú sin in éag, ba cheart don Laitvia a bheith in ann gnáthbhearta eile a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta chun faireachán a dhéanamh ar ghluaiseacht na n-ábhar, ar íocaíocht CBL agus ar chomhlíontacht na ndaoine inchánach, rud a bheadh ina bhonn leis an gcomhrac in aghaidh chalaois CBL in earnáil an adhmaid agus a choiscfeadh í.

---

6 IO L 322, 18.12.2018, lgh. 20–21.
7 IO L 13, 20.1.2022, lgh. 49–50.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Deonaíodh maoluithe cosúla i ndáil le hAirteagal 193 de Threoir CBL do Bhallstáit eile, is iad sin an Phortaingéil[8], an Rómáin[9] agus an Liotuáin[10].

Dá bhrí sin, tá an beart atá beartaithe comhsheasmhach le forálacha Threoir CBL atá ann cheana.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Airteagal 395 de Threoir CBL.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

I bhfianaise fhoráil Threoir CBL ar a bhfuil an togra bunaithe, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Baineann an Cinneadh le húdarú arna dheonú do Bhallstát ar iarraidh uaidh féin agus níl aon oibleagáid ann.

I bhfianaise raon feidhme teoranta an mhaolaithe, tá an beart speisialta comhréireach leis an aidhm atá á saothrú.

- **An rogha ionstraime**

An ionstraim atá beartaithe: Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle.

Faoi Airteagal 395 de Threoir CBL, ní féidir maolú ar fhorálacha coiteanna CBL ach i gcás ina n-údaróidh an Chomhairle é agus í ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún. Is é Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an ionstraim is oiriúnaí ó tharla gur féidir é a dhíriú chuig Ballstát aonair.

---

8 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1592 ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2019 lena n-údaraítear don Phortaingéil beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagal 193 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, IO L 248, 27.9.2019, lgh. 67–68.

9 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1593 ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2019 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/676/AE lena n-údaraítear don Rómáin leanúint de bheart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 193 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 248, 27.9.2019, lgh. 69–70).

10 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1920 ón gComhairle an 4 Nollaig 2018 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2010/99/AE lena n-údaraítear do Phoblacht na Liotuáine síneadh a chur le cur i bhfeidhm birt de mhaolú ar Airteagal 193 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcóras comhchoiteann cánach breisluacha (IO L 311, 7.12.2018, lgh. 34–35).

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Tá an togra seo bunaithe ar iarraidh a rinne an Laitvia agus baineann sé leis an mBallstát sin amháin.

- **Measúnú tionchair**

Leis an togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle údaraítear don Laitvia leanúint den sásra aistrithe táillí a chur i bhfeidhm maidir le hidirbhearta adhmaid. An staid ar a raibh an chéad mhaolú bunaithe, tá sí ann fós. Maíonn an Laitvia nach bhfuil deireadh curtha leis an riosca, d'aineoinn gur tháinig laghdú ar líon na gcásanna calaoise a bhaineann le CBL agus le himghabháil CBL sa mhargadh adhmaid ó tugadh isteach an nós imeachta aistrithe táillí.

Údaraíodh an beart roimhe seo le hIonstraim Aontachais 2003[11], go háirithe i gCaibidil 7, pointe 1(b) d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann léi, agus le Cinneadh 2006/42/CE[12] faoin Séú Treoir 77/388/CEE a bhí infheidhme an tráth sin. Leathnaíodh calaois san earnáil adhmaid le himeacht ama, áfach, agus airítear inti anois idirbhearta nach raibh faoi réir an nós imeachta aistrithe tháillí CBL. Mar shampla, idirbhearta a bhaineann le seachtháirgí adhmaid. Dá réir sin, rinneadh raon feidhme chur i bhfeidhm an nós imeachta aistrithe tháillí CBL a leathnú, chun laghdú a dhéanamh ar líon na ndeiseanna calaoise. Thairis sin, ón 1 Eanáir 2020 ar aghaidh, ní mór d'fhaighteoir an adhmaid íoc as na hearraí a fhaightear agus d'fhaighteoir na seirbhísí íoc as na seirbhísí a fhaightear trí bhíthin modhanna íocaíochta neamhairgid. Rinneadh na modhnuithe sin chun ceanglais íocaíochta a chaighdeánú i ngach cás ina gcuirtear an nós imeachta aistrithe táillí i bhfeidhm, chun cur le héifeacht an bhirt a bhfuil sé d'aidhm aige calaois CBL a chomhrac.

Áitíonn an Laitvia go bhfuil gá le síneadh an bhirt maolaithe chun an chalaois san earnáil adhmaid a chomhrac.

Tá an earnáil foraoiseachta ar cheann de bhunchlocha gheilleagar na Laitvia. In 2022, is éard atá i nglanláimhdeachas dearbhaithe na dtrádálaithe a oibríonn san earnáil adhmaid 7,4 % den ghlanláimhdeachas iomlán a dearbhaíodh sna cuntais bhliantúla, i.e. EUR 6,3 billiún. B'fhiú thart ar EUR 2,3 billiún luach onnmhairiúcháin na hearnála foraoiseachta in 2023, nó 12,4 % d'onnmhairí iomlána na tíre, agus ba é 41 400, nó 4,8 % de líon iomlán na bhfostaithe sa gheilleagar náisiúnta, líon na ndaoine a bhí fostaithe san earnáil in 2022.

I margadh adhmaid na Laitvia, is líonmhaire na trádálaithe beaga agus meánmhéide agus na soláthróirí aonair (is iadsan 90 % de líon iomlán na bhfiontar san earnáil), a bhíonn ag ceannach adhmaid nó á dhíol agus a bhíonn seirbhísí lena mbaineann á soláthar nó á bhfáil acu.

[11] IO L 236, 23.9.2003, lch. 33.
[12] IO L 25, 28.1.2006, lch. 31.

Ba é 11 713 líon na ndaoine inchánach san earnáil adhmaid ag tús 2024. De réir na Laitvia, in 2023, bhí 13 063 duine nádúrtha eile ag trádáil san earnáil adhmaid, agus ioncam iomlán EUR 219 milliún ag an earnáil.

Ní bheidh tionchar diúltach ag síneadh an bhirt sin ar mhéid iomlán ioncaim ó CBL a bhaileofar ag céim dheiridh na tomhailte, agus, dá bhrí sin, ní dhéanfaidh sé difear d'acmhainní dílse an Aontais ó CBL ar bhealach diúltach.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht ag an togra ar bhuiséad an Aontais.

## 5. EILIMINTÍ EILE

Tá teorainn ama leis an togra.

2024/0300 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2009/1008/AE lena n-údaraítear do Phoblacht na Laitvia síneadh a chur le cur i bhfeidhm birt de mhaolú ar Airteagal 193 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha[1], agus go háirithe Airteagal 395(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh 2006/42/CE ón gComhairle[2] údaraíodh don Laitvia beart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 21(1), pointe (a), de Threoir 77/388/CEE ón gComhairle[3], chun an faighteoir a ainmniú mar an duine atá faoi dhliteanas an cháin bhreisluacha (CBL) a íoc ar sholáthar adhmaid nó ar sholáthar seirbhísí gaolmhara go dtí an 31 Nollaig 2009. Tugadh údarú don Laitvia le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2009/1008/AE ón gComhairle[4], de mhaolú ar Airteagal 193 de Threoir 2006/112/CE, leanúint d'fhaighteoir an adhmaid nó na seirbhísí gaolmhara a ainmniú mar an duine atá faoi dhliteanas CBL a íoc i gcás idirbhearta adhmaid go dtí an 31 Nollaig 2012 ('an beart speisialta'). Tar éis an leasaithe deiridh a rinneadh ar Chinneadh Cur Chun Feidhme 2009/1008/AE, tá an t-údarú sin le dul in éag an 31 Nollaig 2024.

(2) Le litir a cláraíodh leis an gCoimisiún an 2 Bealtaine 2024, d'iarr an Laitvia an t-údarú leanúint den bheart speisialta a chur i bhfeidhm. Sheol an Laitvia tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm an bhirt speisialta sin in éineacht leis an litir sin.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 395(2), an dara fomhír, de Threoir 2006/112/CE, maidir leis an iarraidh a rinne an Laitvia chuir an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas le litir dar

---

1 IO L 347, 11.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2006/112/oj.

2 Cinneadh 2006/42/CE ón gComhairle an 24 Eanáir 2006 lena n-údaraítear don Laitvia síneadh a chur le cur i bhfeidhm birt de mhaolú ar Airteagal 21 den Séú Treoir 77/388/CEE ón gComhairle maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le cánacha láimhdeachais (IO L 25, 28.1.2006, lch. 31, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2006/42(1)/oj).

3 An Séú Treoir 77/388/CEE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1977 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le cánacha láimhdeachais – Comhchóras cánach breisluacha: bonn aonfhoirmeach measúnaithe (IO L 145, 13.6.1977, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1977/388/oj).

4 Cinneadh Cur Chun Feidhme 2009/1008/AE ón gComhairle an 7 Nollaig 2009 lena n-údaraítear do Phoblacht na Laitvia síneadh a chur le cur i bhfeidhm birt de mhaolú ar Airteagal 193 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 347, 24.12.2009, lch. 30). http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2009/1008/oj).

dáta an 3 Meán Fómhair 2024 agus chuir sé an Iodáil ar an eolas le litir an 4 Meán Fómhair 2024. Le litir dar dáta an 5 Meán Fómhair 2024, chuir an Coimisiún in iúl don Laitvia go raibh an fhaisnéis riachtanach ar fad aige chun breithniú a dhéanamh ar an iarraidh.

(4) De réir na Laitvia, tá an margadh adhmaid ar cheann de na hearnálacha is tábhachtaí don gheilleagar aici agus b'fhurasta a dhéanfadh an chalaois CBL dochar dó, toisc gur líon mór oibreoirí áitiúla agus soláthróirí aonair atá ann den chuid is mó. Cruthaíodh calaois CBL mar gheall ar chineál an mhargaidh agus ar chineál na ngnólachtaí lena mbaineann, agus bhí deacrachtaí ag údaráis chánach na Laitvia í a rialú. Chun dul i ngleic leis an mí-úsáid sin, thug údaráis chánach na Laitvia an sásra aistrithe táillí isteach maidir le híocaíocht CBL in idirbhearta adhmaid, rud a bhí an-éifeachtach go dtí seo agus ar tháinig laghdú mór ar an gcalaois sa mhargadh sin dá bharr, de réir na tuarascála a chuir an Laitvia isteach.

(5) Deonaítear maoluithe go ginearálta ar feadh tréimhse theoranta chun gur féidir measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil an beart speisialta iomchuí agus éifeachtach. Le maoluithe, tugtar am do na Ballstáit gnáthbhearta eile a thabhairt isteach ar an leibhéal náisiúnta chun faireachán a dhéanamh ar ghluaiseacht na n-ábhar, ar íocaíocht CBL, agus ar chomhlíontacht na ndaoine inchánach, ar bearta iad lenar cheart dul i ngleic leis an bhfadhb shonrach go dtí go rachaidh an beart maolaithe in éag, agus ar an gcaoi sin ní theastaíonn an maolú a thuilleadh. Ní dheonaítear maolú lena gceadaítear úsáid a bhaint as an sásra aistrithe táillí ach amháin ar bhonn eisceachtúil le haghaidh réimsí calaoiseacha sonracha agus is é an rogha dheireanach é.

(6) Tá an Laitvia tiomanta do bhearta éagsúla a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic le calaois CBL san earnáil. Tá sé beartaithe aici ceanglas a thabhairt isteach úsáid a bhaint as modhanna íocaíochta neamhairgid agus uirlis rianaithe shonrach a thabhairt isteach a chuideoidh le hidirbhearta agus próisis táirgthe a rialú ar bhealach níos éifeachtúla. Thairis sin, faoi 2026, tá sé beartaithe ag na húdaráis náisiúnta ceanglas ríomhshonrasctha a thabhairt isteach maidir le hidirbhearta 'gnólacht le gnólacht' le haghaidh cuideachtaí atá cláraithe sa Laitvia.

(7) Dá bhrí sin, sula rachaidh síneadh an bhirt speisialta faoin gCinneadh seo in éag, ba cheart don Laitvia a bheith in ann gnáthbhearta eile a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic le calaois CBL agus chun í a chosc sa mhargadh adhmaid, ionas nach mbeadh gá le síneadh eile a chur leis an mbeart speisialta.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart a údarú don Laitvia an beart speisialta a chur i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2026 agus go dtí an dáta sin amháin.

(9) Ní bheidh aon drochthionchar ag an mbeart speisialta ar acmhainní dílse an Aontais a fhabhraíonn ó CBL.

(10) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Cur Chun Feidhme 2009/1008/AE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2 de Chinneadh Cur Chun Feidhme 2009/1008/AE:

*'Airteagal 2*

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 31 Nollaig 2026.'

*Airteagal 2*

Is chuig Poblacht na Laitvia a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*